AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.3.2020
COM(2020) 117 final

ANNEX 2

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste um Rialú Stáit ar Chalafoirt Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú Stáit ar Chalafoirt

IARSCRÍBHINN II

Sonraíocht ó bhliain go bliain ar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste um Rialú Stáit ar Chalafoirt Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú Stáit ar Chalafoirt

Roimh chruinnithe bliantúla uile Choiste um Rialú Stáit ar Chalafoirt Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú Stáit ar Chalafoirt, tabharfar na céimeanna is gá ionas go n-áireofar sa seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais gach faisnéis ábhartha a seoladh chuig an gCoimisiún chomh maith le haon doiciméad atá le plé a thagann faoi inniúlacht an Aontais i gcomhréir leis na prionsabail threoracha agus na treoshuíomhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Chuige sin agus ar bhonn na faisnéise sin, seolfaidh seirbhísí an Choimisiúin doiciméad ullmhúcháin ina leagfar amach sonraí an tseasaimh atá beartaithe, in am trátha roimh chruinniú an Choiste um Rialú Stáit ar Chalafoirt, chuig an gComhairle nó chuig comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle lena bhreithniú agus lena fhormheas.

Measfar go mbeidh comhaontú ann maidir leis an seasamh atá beartaithe a ghlacadh thar ceann an Aontais sa doiciméad ullmhúcháin mura gcuirfidh líon áirithe Ballstát ina aghaidh, líon is comhionann le mionlach blocála, le linn chruinniú chomhlacht ullmhúcháin na Comhairle nó laistigh de 20 lá ó fuarthas an doiciméad ullmhúcháin, cibé acu is túisce. I gcás an chur in aghaidh sin, cuirfear an cheist faoi bhráid na Comhairle.